



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 220 de 2012

NA RIALACHÁIN UM CHÓRAIS CÓIREÁLA DRAMHUISCE TÍ FÁ NA
hACHTANNA UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007 AGUS 2012, (CLÁRÚ), 2012

[An tiontú oifigiúil]

I.R. Uimh. 220 de 2012

NA RIALACHÁIN UM CHÓRAIS CÓIREÁLA DRAMHUISCE TÍ FÁ NA
hACHTANNA UM SHEIRBHÍSÍ UISCE, 2007 AGUS 2012, (CLÁRÚ), 2012

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le hAlt 18 den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007) agus Alt 70B(13) den Acht um Sheirbhísí Uisce, 2007 (Uimh. 30 de 2007), arna chur isteach le hAlt 4 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012), déanaimse, PILIB Ó hÓGÁIN, Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis seo na Rialacháin seo a leanas:

Lua

1. Féadfar na Rialacháin um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (Clárú), 2012 a ghairm de na Rialacháin seo.

Léiriú

2. Sna Rialacháin seo—

ciallaíonn “Acht” an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012 (Uimh. 2 de 2012);

ciallaíonn “Iarratas” iarratas ar chlárú chun críche Alt 70B(2) den Acht.

Dáta clárúcháin

3. Ceaptar an 1 Feabhra 2013 mar an dáta forordaithe chun críocha Alt 70B(2) den Acht.

Táille is Iníoctha

4. Is € an táille a bheidh le forordú faoi Alt 70B(3)(e) den Acht i gcás go ndéanfar iarratas ar nó roimh an 28 Meán Fómhair 2012 agus €50 ina dhiaidh sin.

Iarratas ar Chlárú

5. (1) Déanfar iarratas chuig an údarás seirbhísí uisce iomchuí i scríbhinn, nó go leictreonach trí www.protectourwater.ie

(2) Beidh an fhaisnéis seo a leanas in iarratas:

(a) ainm úinéir an áitribh atá ceangailte le córas cóireála dramhuisce tí,

(b) seoladh comhfhreagrais úinéir an áitribh sin,

(c) seoladh (agus, más gá, breis faisnéise lena n-áirítear tuairisc) an áitribh atá ceangailte le córas cóireála dramhuisce tí, murab ionann agus an seoladh ag (b).

Foilsíodh fógra san “Iris Oifigiúil” an 29 Meitheamh, 2012, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtúil seo.

An modh ar a ndéanfar íocaíocht

6. (1) Forordaítear na modhanna íocaíochta seo a leanas chun críocha Alt 70B(30)(e) den Acht:

- (a) i gcás go ndéanfar iarratas i scríbhinn, le seic, bancdhréacht, ordú poist nó cárta creidmheasa nó dochair;
- (b) i gcás go ndéanfar iarratas i scríbhinn agus go n-íocfar an táille chlárúcháin go pearsanta le húdarás seirbhísí uisce, le seic, bancdhréacht, ordú poist, cárta creidmheasa nó dochair nó le híocaíocht airgid;
- (c) i gcás go ndéanfar iarratas tríd an idirlíon, le cárta creidmheasa nó dochair.

(2) Déanfar an táille chlárúcháin a íoc, i ngach cás, in airgeadra an Stáit.



ARNA THABHAIRT faoi mo Shéala Oifigiúil,
25 Meitheamh 2012.

PILIB Ó hÓGÁIN,
Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Is é is cuspóir do dhéanamh na Rialachán seo an méid seo a leanas a fhorordú:

1. An dáta faoinar gá d'úinéir áitribh atá ceangailte le córas cóireála dramhuisce tí clárú an chórais a dhéanamh leis an údarás seirbhísí uisce iomchuí,
2. An táille a bheidh ag gabháil le hiarratas ar chlárú, agus
3. An fhaisnéis nach mór a sholáthar ar iarratas a dhéanamh.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
nó tríd an bpost ó
FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONDÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,
CONTAE MHAIGH EO,
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 nó 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO,
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 or 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€1.27